

Miontuairiscí

Cruinniú den Toscaireacht, ag an gComhairle Ealaíon, 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

2pm – 4pm an 16 Eanáir 2020

I láthair

Vincent Woods, Michael Holohan, Thomas McCarthy, Geraldine O'Reilly, Samuel Walsh, Anne Haverty (Cathaoirleach)

Leithscéal ó

Cathy Carman, Bob Quinn, Rhona Clarke, Eamon Colman

Ag an gcruinniú

Karen Hennessy (Cláraitheoir Aosdána)

Miontuairiscí agus nithe ag éirí astu

Pléadh an Biorán Aosdána. Iarradh ar Sam fáil amach má tá marc an déantóra le feiceáil ar a bhiorán. Fiafróidh an Cláraitheoir de Chartlannaí sa Chomhairle Ealaíon cibé an bhfuil aon tagairt acu de i gcomhad go himhneánach. Chuir Anne Haverty na miontuairiscí ó mhí na Nollag i láthair agus thacaigh Geraldine O'Reilly leo. Níor éirigh aon ní astu.

Tionól Ginearálta 2020

Moladh go n-eagródh an Cláraitheoir cuairt chuig UCD le Michael Holohan, Anne Haverty agus Geraldine O'Reilly i lár Feabhra. Bheadh maidin Máirt nó Déardaoin ní b'oiriúnaí nuair a bheidh Michael in UCD. D'fhéadfadh sé go bhfreastalódh Ben Mulligan, ó Bhailiúchán na Comhairle Ealaíon ar an gcruinniú seo freisin. Pléifidh an Cláraitheoir an t-ábhar seo le bailiúchán na Comhairle Ealaíon le fáil amach an mbeadh sé indéanta saothair ón mbailiúchán a chur ar taispeánt i Halla Uí Raghallaigh i rith an Tionóil agus ar feadh tréimhse ghairid ina dhiaidh chomh maith.

Rinneadh roinnt moltaí maidir leis an Tionól Ginearálta in UCD lena n-áirítear: saothair de chuid chomhaltaí Aosdána atá mar chuid de bhailiúchán na Comhairle Ealaíon a chur ar taispeánt; saothair a chruthaigh comhaltaí agus iarchomhaltaí Aosdána ar céimithe UCD iad a chuimsiú ar bhealach éigin. Moladh go gcruthófaí prionta scáileáin A3 de dhán de chuid Anthony Cronin. Luadh Mary Plunkett ó Belgrave Press mar thagairt don obair seo. D'fhéadfaí é seo a chruthú mar leagan teoranta prionta. Meastar go bhfuil thart ar 30 Comhalta Aosdána ar céimithe UCD iad.

Moladh go bpléifí rannpháirtíocht Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis agus na Cartlainne Filíochta le John Hannigan, Ceann Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD. Pléadh gur fiú dul i dteagmháil le UCD Creative Fellows agus le UCD Ad Astra Academy freisin. I measc na míreanna atá le plé le UCD tá an t-imeacht a reáchtálfar an oíche roimh an Tionól agus an chaoi a n-éascófar páirceáil ar an oíche. Aontaíodh gur cheart do mhic léinn shinsearacha de chuid Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta a bheith rannpháirteach mar chuid den seisiún poiblí a bheidh ar siúl san iarnóin ar feadh 90 nóiméad, a bheag nó a mhór, cosúil leis an gclár a bhí in UCC.

Soiléiríodh gurb í an Toscaireacht nua a bheidh ina suí ag barr an tseomra ag an Tionól Ginearálta agus a sheachadfaidh tuarascáil na Toscaireachta. Beidh an Toscaireacht atá ag imeacht in ann cur leis an tuarascáil seo chun an tréimhse idir Bealtaine 2019 agus Eanáir 2020 a chlúdach inti.

Mary Loughlin

Scríobh Mary Loughlin litir bhuíochais chuig Aosdána agus moladh gur cheart an litir seo a léamh ag an Tionól Ginearálta.

Bunús Aosdána

Rinneadh plé ar an téacs gairid a theastaíonn don Rannán ‘Maidir Linn’ de shuíomh gréasáin Aosdána. Mhol Ann go n-iarrfaí ar chomhchomhalta Aosdána oibriú le comhalta de chuid na Comhairle chun an dá chur síos a mheascadh le chéile. Rachaidh Ann i dteagmháil leis an gcomhalta nuair a bheidh an t-am aici i gceann cúpla seachtain. Fiosróidh an Cláráitheoir ina leith ar an mbonn sin.

Toscaireacht Nua

Moladh gur cheart don Toscaireacht nua teacht le chéile go luath i mí Márta i ndiaidh an chruinnithe in UCD nuair a bheidh roinnt forbairtí ar bun ar Chlár an Tionóil Ghinearálta.

Togra Meantóireachta Nidhi Zak

Pléadh an togra a rinne Nidhi Zak. Sonraíodh go mbíonn comhaltaí Aosdána i mbun meantóireachta i gcónaí, go ndéanann ealaíontóirí teagmháil leo, go bhfuil an obair sin leanúnach agus ar bun acu ar bhealaí éagsúla. Bhíodhas den tuairim gur cheart an togra a fhorbairt. Ní comhlacht maoinithe é Aosdána agus ní bheadh sé in ann togra mar seo a mhaoiniú dá bharr. Moladh go molfaí do Nidhi dul i dteagmháil le hoifig ealaíon áitiúil nó leis an gComhairle Ealaíon chun maoiniú a fháil agus go bhfuil seans ann go dteastódh eagraíocht chomhpháirtíochta amhail Éigse Éireann uaithi. Rachaidh an Cláráitheoir i dteagmháil le Nidhi leis an gcomhairle chuí a thabhairt di.

Foirmeacha Tuairiscithe Ealaíonta Bliantúla

Eiseofar an Fhoirm Thuairiscithe Ealaíonta Bhliantúil le haghaidh na gcomhaltaí uile i lár mhí Eanáir agus beidh orthu í a sheoladh ar ais faoin 19 Feabhra. Tá an fhoirm seo roghnach le haghaidh daoine nach bhfaigheann Cnuas agus riachtanach d’fhaighteoirí Cnuas. Soiléiríodh gurb í an litir fhéinmheasúnaithe an cháipéis de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a theastaíonn agus ní Foirm 11 ina hiomlán, a chuireann comhaltaí isteach ar líne. Féadfaidh comhaltaí an admháil d’Fhoirm 11 a chuirtear isteach ar líne a chur isteach roimh an litir fhéinmheasúnaithe mura bhfuil an fógra féinmheasúnaithe seo faighte acu go fóill.

Vóta Ballóide Disciplín

Eiseofar na páipéir don Bhallóid Disciplín ar an 3 Feabhra mar aon leis an litir a dréachtaíodh leis an Toscaireacht ag moladh do na comhaltaí vóta a chaitheamh. Cuirfear deireadh leis an bpróiseas vótála go luath i mí Márta. Déanfaidh comhalta den Toscaireacht nua maoirseacht ar ríomh na Ballóide leis an gCláráitheoir ag a gcéad chruinniú sa Mhárta.

An Toscaireacht atá ag imeacht

Ghabh an Cathaoirleach agus an Cláráitheoir buíochas leis na comhaltaí Toscaireachta atá ag imeacht agus as an obair chrua agus an tiomantas a bhí acu le dhá bhliain anuas agus as an bhfáilte mhór a chuir siad rompu. Ainmníodh an Toscaireacht nua agus tugadh le fios go mbainfidh leanúnachas leis an Toscaireacht nua mar leanfaidh ceathrar comhaltaí ar aghaidh ina ról.

Críoch